

TG4 - Tuarascáil Bhliantúil 2016 27 Meitheamh 2017

Eimear Ní Chonaola:

I dTuarascáil Bhliantúil an Choimisinéara Teangan, léirítear gur sháraigh Fáilte Éireann na dualgais reachtúla atá orthu i dtaobh na Gaeilge nuair a chroch siad comharthaí le logainmneachaí i mBéarla amháin ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Tugtar le fios sa Tuarascáil freisin gur anuraidh a déanadh an líon ab airde gearáin ariamh le hOifig an Choimisinéara.

Shane Ó Curraighín:

Seo an tríú Tuarascáil Bhliantúil déag atá foilsithe ag Oifig an Choimisinéara Teanga faoi chomhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla ag comhlachtaí poiblí. Seacht gcéad seasca's a hocht gcás a cuireadh faoina mbráid anuraidh, an líon is airde riamh. Rinneadh cóir a bheith leath chuid na ngearán i mBaile Átha Cliath, an cúigiú cuid sa Ghaeltacht agus an chuid eile i measc na gcontaetha eile. Baineann seachtó faoin gcéad de na gearáin a rinneadh le gealltanais nár líonadh i scéimeanna teanga, maraon le comharthaíocht agus páipéarachas lochtach. Rinne Oifig an Choimisinéara sé imscrúdú anuraidh, fuarthas amach gur sháraigh Fáilte Éireann; an Roinn Oideachais agus Scileanna; Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad; Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Comhairle Contae Uíbh Fhailí a ndualgais teanga. Bhí beagnach leath chuid de na scéimeanna teanga ag eagrais phoiblí imithe in éag anuraidh. Ba í an mheántréimhse a raibh scéim as dáta ná os cionn ceithre bliana.

An Dr. John Walsh:

Is dóigh liom go bhfuil dhá rud mhóra i gceist, an chéad rud ná fadhbanna le comharthaíocht. Is léir go greideann an pobal go bhfuil ana-thábhacht ag baint leis sin an ghné fhísiúil sin don mbeartas teanga, más maith leat. Agus an tarna rud ansan, fadhbanna le córas fabhtach cumarsáide in ana-chuid comhlachtaí poiblí, nach bhfuil ar chumas na gcomhlachtaí poiblí déileáil le fiosruithe agus le gearáin ón bpobal agus tá sé sin ana-thromchúiseach, dar liom, tar éis ceithre mbliana déag, nach mór chúig bliana déag don Acht Teanga a bheith i bhfeidhm. Is dóigh liom go léiríonn an Tuarascáil seo go mbaineann práinn thar na beartaibh leis na leasuithe ar Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Shane Ó Curraighín:

Rinneadh líon suntasach gearáin nach dtiocfadh a scrúdú mar nach ndearnadh líon na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht a uasdátú le haon bhliain déag anuas. Dúirt an Coimisinéir Teanga ina Thuarascáil gur céim chun cinn iad na ceannteidil leasuithe do Bhille na dTeanga Oifigiúla ach is gá anois go gcuirfear i bhfeidhm iad...Shane Ó Curraighín Nuacht TG4.

Eimear Ní Chonaola:

Agus liom anseo anois tá Rónán Ó Domhnaill, an Coimisinéir Teangan. Do chéad fáilte romhat, a Choimisinéara.

Rónán Ó Domhnaill:

Go raibh maith agat, Eimear

Eimear Ní Chonaola:

Anois go leor leor gearáin déanta leis an oifig anuraidh, an léiriú é sin, a Rónáin, go bhfuil níos mó eolais ag daoine anois faoina gcearta teangan nó an amhlaidh go bhfuil comhlachtaí poiblí ag loic níos mó ina dualgas?

Rónán Ó Domhnaill:

Bhuel sílim go bhfuil an dá rud fíor ar bhealach agus ár ndóigh téann gearáin suas agus síos ó bhliain go bhliain ag brath ar rudaí éagsúla, sin nádúr na hoibre, is dóigh. Is cinnte go bhfuil daoine níos eolaí faoi na cearta atá acu. Tá an tAcht Teanga i bhfeidhm anois le os cionn deich mbliana, tá's ag daoine faoi céard ina bhfuil ina dualgas agus céard nach bhfuil sin ina dualgas, don chuid is mó, ag brath ar rudaí atá taobh amuigh do chóras na scéimeanna teanga, tá éiginnteacht ar dhaoine, dár ndóigh, i gcónaí faoi céard ina bhfuil siad ina dteideal ag brath ar céard atá aontaithe i scéimeanna teanga. Ach rud amháin a léiríonn na figiúirí, is dóigh, agus is ábhar díomá é, faraor, ná go bhfuil an saghas teip leanúnach seo ar siúl ag comhlachtaí poiblí ó thaobh dualgais i ndáiríre go mba ceart a bheith cinntithe agus fréamhaithe acu ina gcuid oibre go dtí seo - botún atá déanta ó thaobh comharthaíocht, mar shampla, ó thaobh stáiseanóireacht. Go bhfuil na botúin ceanann céanna go minic ag tarlú arís agus arís eile. Agus i ndáiríre ag an tráth seo ba cheart go mbeadh cuid mhaith acu sin curtha ina cheart agus is léir nach bhfuil. An rud a bhíonn muide ag lorg, is dóigh, ná go gcuirtear córas in áit le dul i ngleic leis sin agus i gcásannaí áirithe tarlaíonn sé sin, ach arís feictear dhúinn i mbliana le líon na ngearán go bhfuil daoine eolach faoin méid go bhfuil siad i dteideal, go mór mhór ó thaobh comharthaíocht, mar shampla, agus mar sin, ach nach bhfuil comhlachtaí poiblí, nó cuid acu ar aon nós, ag cur córas caoi in áit chun a chinntiú go gcomhlíonann siad na dualgais atá orthu.

Eimear Ní Chonaola:

Anois, foilsíodh ceannteideal Acht na dTeangacha Oifigiúla níos luaithe an mhí seo, cén difear a dhéanann sé do do chuidse oibre, a Rónáin, dhá dhéanfaí iad seo a achtú?

Rónán Ó Domhnaill:

Bhuel, luaigh mé i mo chéad fhreagra ansin ceist na scéimeannaí teanga agus chonaic muid go raibh níos mó gearáin faoi scéimeannaí teanga ná aon ábhar eile. Agus go minic b'fhéidir go gcloisfeadh daoine an rud seo scéim teanga agus go gcailleann siad misneach nó nach dtuigeann siad céard go baileach atá i gceist. An rud go baileach atá i gceist ná go leagann comhlacht poiblí síos dualgaisí éagsúla go bhfuil i gceist acu a chur ar fáil do dhaoine ar nós foirmeachaí iarratais, suíomhannaí gréasáin agus mar sin de. Tá sé an-chasta mar chóras, níl aon chomóntacht ann. Má achtaítear an Bhille bunaithe ar na gceanteideal nua seo beidh córas rialacháin in áit seachas sin. Chialláíonn sé sin go mbeidh níos mó comóntacht ann, go mbeidh an duine atá ag freastal ar údarais áitiúil Dhún na nGall i dteideal na seirbhísí ceanann céanna do dhuine atá ag freastal ar údarais áitiúil i gCiarraí, teastaíonn sé sin. Dár ndóigh, níl aon mhaith dhomsa agus duitse a bheith ag caint faoi chúrsaí cearta teanga muna bhfuil a ndóthain daoine sa Státchóras agus tseirbhís poiblí chun a chinntiú go gcuirtear na seirbhísí sin ar fáil agus arís tá sé luaithe sna ceannteideal go mbeidh méid áirithe daoine le Gaeilge á earcú isteach sa Státchóras, fiche faoin

gcéad a deirtear, caithfear é sin a dhéanamh ar bhealach a bhfuil ionracas ag baint leis agus go mbeidh muinín ag an bpobal ann go bhfuil a leithéid ag tarlú.

Eimear Ní Chonaola:

Caithfidh muid é a fhágáil ansin, ceal ama faraor, a Choimisinéara, ach go raibh míle maith agat faoi theacht isteach sa stiúideo tráthnóna.